

ABBEY THEATRE

AMHARCLANN NA MAINISTREACH

Hilary: Hello

Jean Nicole: Hello

H: Hello, deas a bheith anseo ar son Amharclann na Mainistreach.

JN: Mar sin é.

H: Sin é, sure anois!

JN: So, cé tusa?

H: Is mise Hilary Bowen Walsh. Agus is aisteoir mé. Agus céard fútsa?

JN: Is mise Jeanne Nicole Ní Áinle agus is aisteoir mé, yeah.

H: Deas bualadh leat, go proifisiúnta anois!

JN: Oh sea, sin é.

H: So abair liom, erm.. conas ar thosaigh tú amach san aisteoireacht ar dtús?

JN: Oh sin ceist iontach!

H: Ceist láidir! Ceist dáiríre!

JN: So conas ar thosaigh mé ag aisteoireacht? Bhuel, is dóigh nuair a bhí mé níos óige, bhíos i gcónaí ag iarraidh cluichí a imirt liom fhéin. Is páiste aonarach mé. So, tá fhios agat, chaith mé an méid sin ama ag imirt agus ag spraoi. Agus cad é sin? 'Playing pretend'? Mar sin di.

H: Cur i gcéill!

JN: Yeah, sin é. Agus tú fhéin?

H: Yeah, rud beag mar an gcéanna. So, nuair a bhí mé thar a bheith óg, bhíos i gcónaí ag samhlú domhain éagsúil ann agus daoine difriúla agus ag cur i gcéill go raibh mé mar Bhanríon mar shampla nó Arracht nó pé rud a bhí ann agus ó shin d'fhorbair mé an aisteoireachta agus rinne mé oiliúint is dóigh le 'Speech and Drama' agus 'Youth Theatre'. Nó pé rud a bhí ar fáil san áit ag an am, na feiseanna áitiúla ach go háirithe!

JN: Ya, tá fhios agat, ní raibh an idirlíon againn san am sin!

H: Ní raibh! Bhí sé cruá orainn.

JN: An-an - chrua ar fad.

H: Ní raibh Zelda agamsa.

JN: Ní raibh an Switch agamsa!

H: I ndáiríre. Woah? Beo bocht!

JN: Fortnite? Ní raibh sé ann!

H: Oh, bhí an saol dian.



ABBEY THEATRE

AMHARCLANN NA MAINISTREACH

JN: Oh ana-dhian ar fad!

JN: Agus conas a bhí sé i bpáirt Mollser?

H: Yeah, bhí sé dúshlánach ar bhealach.

JN: Right!

H: Mar, ar an gcéad dul síos bhí orm canúint difriúil a úsáid, canúint Baile Átha Cliath... an tuaisceart mar seo! Seachas an deisceart, má deireann tú rudaí mar seo. So bhí sé thar a bheith difriúil. Bhí sé sin spéisiúil mar eispéireas. Agus ansin, bhí orm mo chuid gruaige.. bhí orm dath eile a chur isteach ann agus salachar agus a léithid sin?

JN: An raibh dath eile istigh i do ghruaig?

H: Bhuel..bhuel.. is dóigh gur athraigh sé leis an salachar' is dóigh, go hiondúil bíonn dath eile ann ach is cuma so ní raibh mé inann a bheith chomh álainn! Ach, céard eile, bhí sé dúshlánach ó thaobh gluaiseachtaí, ó thaobh glór ach thaithin sé go mór liom toisc gur pearsa chomh dearfach í Molser. Bíonn sí i gcónaí ag breathnú ar chúrsaí i dea-bhealach agus thaithin sé sin liom. Céard fútsa?

JN: Thaitnigh páirt Nadia go mór liom. Tá sí an-dearfach freisin agus cliste!

H: Cosúil leat fhéin dar ndóigh!

JN: Cosúil liom fhéin! Agus gleoite! Cosúil liom fhéin. Sin é! Woah! No, ag magadh atáim. No, is páirt iontach é. Bhain mé taitneamh as!

H: Fair plé dhuit! Iontach. Agus an raibh aon rud faoi leith a d'fhoghlaim tú agus tú á dhéanamh nó an raibh dúshlán faoi leith ann?

JN: Oooh, bhuel bhíos ag obair amuigh ar an tsráid agus bhí daoine ag dul tharam agus carranna ag gluaiseacht...

H: Agus gach éinne ag breathnú ort...

JN: Yeah, bhí orm a bheith ana-dírithé ar fad, sin é. Agus céard fútsa? Aon dúshlán?

H: Bhí dúshlánach ar bhealach ó thaobh cleachtaithe. Bhíomar ag cleachtadh ar stáitse in Amharaclann agus ansin bhíomar ag déanamh taifeadadh faoi dheireadh, bhí ort an cineál..an léiriú a bhí tú ag cur i láthair a ghearradh siar beagán go mbeadh sé níos lú don camera. Don scannán airgid. For the 'Silver screen' mar a deirfeá!

JN: Yeah, Iontach!

H: Agus conas a bhfuair tú an ról seo?

JN: Sceál an-fhada é sin!

JN: Conas a bhfuair tusa an ról?

H: D'íoc mé duine agus ansin fuair mé é. No, níl... táim ag magadh! Rinne mé éisteacht. A léithead do rud ná téann tú isteach agus léann tú script nó déanann tú píosa aisteoireachta agus bíonn aisteoirí eile ann freisin agus ag deireadh na dála, piocann siad duine amháin. So phioc siad mise, agus bhí an t-ádh liom. Aon rud eile?

JN: No ceapaim gurb b'shin é don lá! Yeah, bhí lá iontach againn anois!

ABBAY THEATRE

AMHARCLANN NA MAINISTREACH

H: Bhí. Tá sé sách dorcha anois ...

JN: Sea, an oíche atá ann anois...

H: Sin é an méid is dóigh! So uaimse agus Jeanne, mile buíochas agus...!

JN: Slán!

H: Slán!

ABBAY THEATRE
AMHARCLANN NA MAINISTREACH